Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2021**

# CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(300 marc)**

DÉ CÉADAOIN 23 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**: **Formáid Nua do Scrúdú 2021**

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc) |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist **(A nó B)** agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin (A nó B)** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (100 marc) |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc) |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt.<br>Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r<br>sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**ROINN 1 (120 Marc) Formáid Nua do Scrúdú 2021**
Freagair **Ceist 1(A)** NÓ **1(B)** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. (A) Cuntais Deiridh Trádálaí Aonair**

Baineadh na hiarmhéideanna thíos as leabhair Shéamais Uí Fhaoláin, trádálaí aonair, mar a bhí ar 31/12/2020:

| | € | € |
|---|---|---|
| Veaineanna seachadta ar a gcostas | 62,000 | |
| Dímheas carntha – veaineanna seachadta | | 14,000 |
| Foirgnimh | 500,000 | |
| Trealamh oifige (costas €30,000) | 12,000 | |
| Paitinní | 28,000 | |
| Tarraingtí | 14,200 | |
| Caipiteal 01/01/2020 | | 262,000 |
| Creidiúnaithe | | 24,400 |
| Féichiúnaithe | 32,400 | |
| Díolacháin | | 595,000 |
| Ceannacháin | 196,000 | |
| Aischuir amach (aischuir ceannachán) | | 8,100 |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 18,000 | |
| Stoc 01/01/2020 | 32,000 | |
| Stáiseanóireacht | 3,600 | |
| Lascaine faighte | | 1,600 |
| Speansais ghinearálta | 12,500 | |
| Pá agus tuarastail | 112,000 | |
| Fógraíocht | 6,000 | |
| Árachas | 8,200 | |
| Iasacht théarmach (faighte 01/04/2020) | | 90,000 |
| Ús iasachta íoctha | 1,200 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 2,700 |
| CBL | | 13,600 |
| ÁSPC / MSU | | 19,700 |
| Banc | 44,500 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2020 | | 51,500 |
| | 1,082,600 | 1,082,600 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc le hathdhíol ar 31/12/2020, €23,000.

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2020, €1,500.

(iii) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch 30/04/2021.

(iv) Ba cheart soláthar a dhéanamh d'ús dlite ar an iasacht.
7% sa bhliain an ráta úis.

(v) San áireamh san árachas tá seic €700, d'árachas charr príobháideach Shéamais Uí Fhaoláin

(vi) Baineann an t-árachas leis an mbliain dar críoch 31/3/2021.

(vii) Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú i leith 5% de na féichiúnaithe.

(viii) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% dá gcostas |
| Trealamh oifige | 20% dá chostas |
| Veaineanna seachadta | 10% dá luach glan de réir na leabhar |

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas trádála brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2020. (80)

**(b)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2020. (40)

**(120 marc)**

**1. (B) Cuntais Deiridh Cuideachta**

Baineadh na hiarmhéideanna thíos as leabhair Uí Mhaoldomhnaigh Teo. mar a bhí ar 31/12/2020:

| | € | € |
|---|---:|---:|
| Scairchaipiteal<br>Údaraithe - 950,000 gnáthscair ar €1 an ceann<br>Eisithe - 520,000 gnáthscair ar €1 an ceann | | 520,000 |
| Veaineanna seachadta ar a gcostas | 85,000 | |
| Foirgnimh | 700,000 | |
| Trealamh oifige | 60,000 | |
| Paitinní | 74,000 | |
| Dímheas carntha – foirgnimh | | 35,000 |
| Dímheas carntha – trealamh oifige | | 9,000 |
| Stoc na n-earraí le hathdhíol (01/01/2020) | 94,500 | |
| Stoc stáiseanóireachta (01/01/2020) | 1,700 | |
| Fógraíocht | 11,400 | |
| Stáiseanóireacht | 3,500 | |
| Ceannacháin | 440,000 | |
| Díolacháin | | 790,000 |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 21,200 | |
| Creidiúnaithe | | 93,000 |
| Féichiúnaithe | 86,000 | |
| CBL | | 17,400 |
| Solas agus teas | 10,600 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 3,300 |
| Táillí stiúrthóirí | 28,800 | |
| Bintiúir 10% (eisithe ar 01/04/2020) | | 100,000 |
| Ús bintiúir | 3,200 | |
| Banc | | 14,500 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2020 | | 61,800 |
| Cíos agus rátaí | 24,900 | |
| Árachas | 16,600 | |
| Coimisiún | | 17,400 |
| | 1,661,400 | 1,661,400 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc na n-earraí le hathdhíol ar 31/12/2020, €75,400.

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2020, €1,500.

(iii) Tá soláthar in haghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | - 2% dá gcostas |
| Trealamh oifige | - 10% dá <u>luach glan de réir na leabhar</u> |
| Veaineanna seachadta | - 10% dá gcostas. |

(iv) Fógraíocht dlite ar 31/12/2020, €900.

(v) Soláthar le déanamh d'ús bintiúir dlite ar 31/12/2020.

(vi) Baineann an t-árachas leis an mbliain dar críoch 31/03/2021.

(vii) Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú i leith 5% de na féichiúnaithe.

(viii) Soláthar le déanamh do cháin chorparáide €18,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas trádála brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2020. (80)

**(b)** **Clár comhardaithe** a ullmhú de réir mar a bhí ar 31/12/2020. (40)

**(120 marc)**

**2. Cuntais Feirme**

Ba iad seo a leanas sócmhainní agus dliteanais Mhuintir Uí Thiarnaigh, a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu, ar 01/01/2020:

Talamh €900,000; foirgnimh feirme €340,000; innealra ar a chostas €118,000; airgead sa bhanc €9,500; luach eallaigh/bó €126,000; luach caorach €21,000; leictreachas dlite €550; pá dlite €1,200.

**Iarrtar ort**:

**(a) Caipiteal** Mhuintir Uí Thiarnaigh ar 01/01/2020 a ríomh. (20)

Seo thíos achoimre ar fháltais agus íocaíochtaí na feirme don bhliain dar críoch 31/12/2020.

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Díolachán Olla | 1,400 | Ceannach Caorach | 6,700 |
| Díolachán Caorach/Uan | 43,600 | Ceannach Eallaigh | 74,400 |
| Bainne | 92,000 | Leasachán | 22,400 |
| Aoníocaíocht Feirme | 27,200 | Leictreachas | 14,500 |
| Díolachán Eallaigh | 68,900 | Deisiúcháin | 17,300 |
| | | Pá | 35,900 |

Tugtar an t-eolas breise seo duit:

(i) Stoic ar deireadh 31/12/2020:

| | |
|---|---|
| Luach an Eallaigh/na mBó | €112,000 |
| Luach na gCaorach | €25,000 |

(ii) Tá an Aoníocaíocht Feirme le roinnt (leithroinnt) idir an dá fhiontar sa chóimheas:

| | |
|---|---|
| Eallach/Bainne | 80% |
| Caoirigh | 20% |

(iii) Tá Leasachán, Leictreachas, Deisiúcháin agus Pá le roinnt (leithroinnt) **go cothrom** idir an dá fhiontar

(iv) Uaineoil a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €240
Bainne a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €1,100

(v) Leictreachas dlite ar 31/12/2020, €670

**Iarrtar ort:**

**(b)** (i) **Cuntas Anailíse Fiontair** a ullmhú i leith '**Eallach/Bainne**' don bhliain dar críoch 31/12/2020. (20)

(ii) **Cuntas Anailíse Fiontair** a ullmhú i leith '**Caorach**' don bhliain dar críoch 31/12/2020. (20)

**(60 marc)**

**3. Ceartú Earráidí agus Cuntas Fionraí**

Níor réitigh comhardú trialach Dhónaill de Paor ar 31/12/2020 agus iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí. Tar éis scrúdú a bheith déanta ar na leabhair nochtadh na hearráidí seo a leanas:

(i) Iontráladh iomlán leabhar na gceannachán €12,100 i gcuntas na gceannachán mar €11,200.

(ii) Iontráladh earraí a ceannaíodh ar cairde ó Sheán Ó Catháin €990 i gcuntas Sheághain Uí Chatháin.

(iii) Bhí an leabhar aischur isteach €850 gann nuair a suimíodh go hearráideach é.

(iv) Níor iontráladh sna leabhair ús faighte €400, a íocadh le seic.

(v) Níor iontráladh sna leabhair €650 i leith earraí le hathdhíol a thóg Dónall de Paor le haghaidh úsáid phríobháideach.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Na ceartúcháin riachtanacha **a iontráil sa leabhar cúnta**. (35)

**(b)** **Ráiteas maidir le Glanbhrabús Ceartaithe** a ullmhú más ionann an glanbhrabús de réir na gcuntas agus €21,250. (25)

**(60 marc)**

**4. Dímheas agus Athluacháil Sócmhainní Seasta**

Tógadh na sonraí seo a leanas as leabhair Uí Fhearghail Teo.:

| | |
|---|---|
| 01/01/2019 | Foirgnimh ar a gcostas €840,000 san iomlán. |
| 01/01/2019 | Iarmhéid sa chuntas soláthair in aghaidh dímheasa €157,000. |
| 01/06/2019 | Cheannaigh foirgneamh ar €210,000. |
| 01/07/2019 | Foirgneamh a chosain €160,000 díolta ar €96,000. Ba é €86,000 luach an fhoirgnimh seo de réir na leabhar ar 01/07/2019. |
| 31/12/2019 | Dímheas iomlán don bhliain dar críoch 31/12/2019 ná €44,000. |
| 01/01/2020 | Rinneadh na foirgnimh a athluacháil ar €970,000. |
| 31/12/2020 | Soláthar in aghaidh dímheasa déanta ar ráta 5% de luach na bhfoirgneamh ar 01/01/2020. |

**Iarrtar ort na cuntais seo a thaispeáint**:

**(a)** **Cuntas na bhfoirgneamh** don dá bhliain **2019** agus **2020**. (15)

**(b)** An **cuntas soláthair in aghaidh dímheasa** don dá bhliain **2019** agus **2020**. (20)

**(c)** **Cuntas dhiúscairt na bhfoirgneamh** don bhliain dar críoch **31/12/2019**. (15)

**(d)** An **cuntas cúlchiste athluachála**. (10)

**(60 marc)**

Tosaíonn Roinn 2 ar leathanach 10

**ROINN 2 (100 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**5. Léirmhíniú ar chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Uí Chonaill Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2020:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2020**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin chreidmheasa | | | 850,000 |
| **Lúide**: Costas díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2020 | | 128,000 | |
| Móide: ceannacháin ar cairde | | ?????  | |
| | | ????? | |
| Lúide: stoc 31/12/2020 | | 80,000 | |
| Costas díolachán | | | 433,000 |
| Ollbhrabús | | | 417,000 |
| **Lúide**: Speansais iomlána (ús san áireamh) | | | 260,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | | 157,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2020**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach leabhar** |
| **Sócmhainní Seasta** | 880,000 | 40,000 | 840,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** (féichiúnaithe trádála €75,000 san áireamh) | | 250,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe trádála | | 93,000 | |
| | | | 157,000 |
| | | | 997,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis breis agus 1 bhliain | | | |
| Bintiúir 6% (2026/2027) | | | 300,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | **Údaraithe** | **Eisithe** | |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | 900,000 | 540,000 | 540,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | 157,000 |
| | | | 997,000 |

**(a)** **Iarrtar ort a ríomh**: (go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

(i) An figiúr do cheannacháin.

(ii) An toradh ar chaipiteal in úsáid.

(iii) An tréimhse chreidmheasa a tugadh d’fhéichiúnaithe.

(iv) An céatadán marcála suas ar chostas. (40)

**(b)** **Mínigh** na téarmaí seo thíos agus **luaigh an bhaint atá acu leis na cuntais thuas** de réir mar is cuí:

(i) Creidiúnaithe trádála.

(ii) Dímheas.

(iii) Sócmhainní inláimhsithe.

(iv) Caipiteal in úsáid. (40)

**(c)** (i) Ríomh an cóimheas fíorthástála do 2020 (go 2 ionad dheachúlacha).

(ii) Cad a insíonn an cóimheas dúinn faoi Ó Conaill Teo.? (10)

**(d)** Ba é an toradh ar chaipiteal in úsáid i gcás Uí Conaill Teo. in **2019** ná 12%.
Déan trácht ar bhrabúsacht Uí Chonaill Teo. in 2020. (10)

**(100 marc)**

**6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Bhia Teo.:

| **Brabús agus Caillteanas (sliocht) don bhliain dar críoch 31/12/2020** | **€** |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 152,000 |
| Ús íoctha | (24,000) |
| | 128,000 |
| Cáin | (38,000) |
| | 90,000 |
| Díbhinní íoctha | (42,000) |
| Brabús coinnithe | 48,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2020 | 33,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2020 | 81,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2020** | | **31/12/2019** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 890,000 | | 710,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (140,000) | 750,000 | (98,000) | 612,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 89,000 | | 75,000 | |
| Féichiúnaithe | 49,000 | | 57,000 | |
| Banc | 26,000 | | 17,000 | |
| | 164,000 | | 149,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 55,000 | | 52,000 | |
| Cáin | 38,000 | | 46,000 | |
| | (93,000) | | (98,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 71,000 | | 51,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 821,000 | | 663,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 7% | | 190,000 | | 160,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 540,000 | | 470,000 |
| Scairbhiseach | | 10,000 | | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 81,000 | | 33,000 |
| | | 821,000 | | 663,000 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An **ráiteas faoi shreabhadh airgid** a ullmhú i gcomhair Uí Bhia Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2020 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú (60)

**(c)** An glanshreabhadh airgid a **réiteach** leis an athrú ar ghlanfhiachas. (10)

**(100 marc)**

**7. Cuntais Gnólachta Seirbhíse**

Tá baint ag Muintir Bheirgin le tionscal na turasóireachta. Ligeann siad rothair ar cíos, Leaba is Bricfeast, agus reáchtálann siad Airbnb do thurasóirí le linn aimsir shaoire. San áireamh ina gcuid sócmhainní agus dliteanas ar 01/01/2020 bhí:

Áitreabh Leaba is Bricfeasta €540,000; árasán Airbnb €60,000, rothair €8,100; trealamh agus línéadach €9,600; stoc breosla agus ola teasa €3,200; éarlaisí réamhíoctha ó thurasóirí don árasán Airbnb €1,700; airgead ar láimh €6,800.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ráiteas **Caipitil** do ghnólacht turasóireachta Mhuintir Bheirgin a ullmhú do 01/01/2020. (30)

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2020**

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh 01/01/2020 | 6,800 | Soláthairtí do Airbnb | 3,300 |
| Fáltais ó aíonna | 44,400 | Solas agus teas | 2,100 |
| Cíos ó Airbnb | 23,500 | Tarraingtí | 4,200 |
| Fáltais ó na rothair ar cíos | 3,400 | Pá | 21,400 |
| | | Níochán | 3,800 |
| | | Fógraíocht | 2,100 |
| | | Deisiúcháin agus cothabháil | 5,400 |
| | | Iarmhéid 31/12/2020 | 35,800 |
| | | | |
| | 78,100 | | 78,100 |

Is cóir an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh ar 31/12/2020:

(i) Dímheas 20% in aghaidh na bliana le déanamh ar na rothair agus 15% ar an trealamh agus línéadach.
(ii) San áireamh sna fáltais ó aíonna tá éarlaisí áirithinte €3,150 do 2021.
(iii) D'úsáid an teaghlach an ceathrú cuid de na soláthairtí a ceannaíodh.
(iv) Tá stoc ola de luach €860 ann.
(v) Tá €200 dlite do shiopa crua-earraí áitiúil i gcomhair soláthairtí.

**Iarrtar ort**:

**(b)** **Cuntas ioncaim agus caiteachais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2020. (40)

**(c)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2020. (30)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**8. Costáil Ionsúcháin**

Tá na figiúirí buiséadaithe seo thíos ag Ó Dúiill Teo., cuideachta bheag jabtháirge, don bhliain seo chugainn:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | €330,000 |
| Saothar díreach | €187,500 |
| Forchostais mhonarchain | €120,000 |
| Uaireanta buiséadaithe de shaothar dhíreach | 15,000 uair |
| Uaireanta buiséadaithe meaisín | 12,000 uair |

**(a)** **Iarrtar ort a ríomh**:

(i) An ráta ionsúite forchostais san **uair de shaothar díreach**.

(ii) An ráta ionsúite forchostais san **uair mheaisín**.

Is iad seo sonraí **Jab Uimhir 130** le haghaidh custaiméara:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | €28,000 |
| Uaireanta de shaothar díreach | 310 uair an chloig |
| Uaireanta meaisín | 190 uair an chloig |

**(b)** Ríomh costas Jab Uimhir 130 agus bain úsáid as an ráta ionsúite forchostais san **uair mheaisín**.

**(c)** Ríomh costas Jab Uimhir 130 agus bain úsáid as an ráta ionsúite forchostais san **uair de shaothar díreach**.

**(d)** Ríomh **praghas díola** Jab Uimhir 130 don chustaiméir agus bain úsáid as ráta ionsúite forchostais **an tsaothair** (mar a ríomhadh in (a) thuas agus glac le marcáil suas de 20% ar an gcostas).

**(e)** Luaigh **dhá** chúis ar gá do ghnólacht costphraghas táirge a ríomh.

**(80 marc)**

**9.** **Buiséadú Táirgí**

Déanann Mac Cuilinn Teo. dhá chineál sleamhnáin, **'compord'** agus **'caighdeánach'**.
Tá díolacháin an dá chineál sleamhnáin agus eolas ábhartha eile don bhliain seo chugainn buiséadaithe thíos:

| | Compord | Caighdeánach |
|---|---|---|
| Díolacháin bhuiséadaithe in aonaid | 5,600 | 4,400 |
| Luach díola ionchasach | €25 | €18 |

| Stoc Ionchasach – Earraí Críochnaithe | Compord | Caighdeánach |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh | 740 | 530 |
| Stoc deiridh | 610 | 380 |

| Méid agus Costais Ábhar | Ábhar A | Ábhar B |
|---|---|---|
| Compord | 9 ngram | 7 ngram |
| Caighdeánach | 6 ghram | 4 ghram |
| Luach ceannaigh ionchasach in aghaidh an ghraim | €3 | €2 |

| Stoc Ionchasach - Amhábhair | Ábhar A | Ábhar B |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh | 190 gram | 360 gram |
| Stoc deiridh | 220 gram | 420 gram |

| Am an tSaothair Dhírigh in uaireanta an chloig | |
|---|---|
| Compord | 5 uair an chloig |
| Caighdeánach | 4 uair an chloig |

| Ráta an tsaothair dhírigh in aghaidh na huaire | €10 |
|---|---|

**Iarrtar ort**:

**(a)** Buiséad díolacháin a ullmhú ina **aonaid** agus ina **€**.

**(b)** Buiséad **táirgthe** a ullmhú ina aonaid.

**(c)** Buiséad **úsáid ábhair** a ullmhú ina aonaid.

**(d)** **Buiséad ceannacháin ábhair** a ullmhú ina **aonaid** agus ina **€**.

**(e)** Buiséad **saothair** (pá) a ullmhú.

**(f)** **Cén fáth** a n-ullmhódh Mac Cuilinn Teo. buiséad úsáid ábhair?

**(80 marc)**